



An Garda Síochána

Doiciméad Beartais

Ceartha an Duine

Dáta Éifeachta	An 1 Meitheamh 2019
Leagan Uimh.	1.0
Arna cheadú ag	Feidhmeannas an Gharda
Arna thabhairt isteach le	Treoir HQ 19/2019
Úinéir Beartais	Stiúrthóir Feidhmiúcháin Dlí

Cuspóir

Is príomhchuspóir póilíneachta é cearta an duine a chosaint, agus tá sé mar bhunchloch na póilíneachta. Tá ról ríthábhachtach ag baill an Gharda Síochána agus ag foireann an Gharda Síochána (Pearsanra an Gharda Síochána) lena chinntiú go mbaineann saoránaigh leas as a gcearta maireachtáil saor ó fhoréigean, ó mhí-úsáid agus ó choireacht. Cuidíonn Pearsanra an Gharda Síochána freisin le timpeallacht a chaomhnú inar féidir le daoine maireachtáil saor ó eagla agus leas a bhaint as cearta agus as saoirsí eile.

Tá sraith ábhar curtha ar fáil chun na prionsabail chearta an duine atá i bhfeidhm cheana féin laistigh de sheirbhís an Gharda Síochána a chur ar bhonn foirmiúil, is iad sin: 'Creat um Chearta an Duine', 'Uirlis Scagthástála um Chearta an Duine' agus 'Cur Chuige Póilíneachta Bunaithe ar Chearta an Duine – Treoir dhoiciméad Oibriúcháin'.

Le tabhairt isteach na ndoiciméad seo cinnteofar:-

- go bhfuil An Garda Síochána agus Pearsanra an Gharda araon lán eolach ar chaighdeáin chearta an duine nach mór don Gharda Síochána agus Pearsanra an Gharda a urramú agus a chosaint agus iad i mbun a gcuid feidhmeanna, feidhmeanna maidir le cinnteoireacht oibriúcháin agus le hullmhú agus le cur i bhfeidhm orduithe oibríochtúla san áireamh ;
- gur féidir le Pearsanra an Gharda Síochána a ndualgais reachtúla agus dlí choitinn a chomhlíonadh go sábháilte agus go héifeachtach ar bhealach a chomhlíonann cearta an duine;
- go ndéanann Pearsanra an Gharda doiciméadú cruinn ar an bhfaisnéis ábhartha ar fad lena n-áirítear an réasúnaíocht le cinntí agus gníomh a ndéantar/nach ndéantar, i gcomhráth le gach imeacht ina mbíonn siad páirteach, rud atá riachtanach chun cuntasacht riachanach a chinntiú;
- go bhfuil forbairt beartas, nósanna imeachta agus treorach tacaíthe go léir trí chreat cuimsitheach de chaighdeáin um chearta an duine lena n-úsáid chun prionsabail ábhartha chearta an duine a leabú ar fud na ndoiciméad agus d'fhonn a chinntiú go ndrachaítear iad ar bhealach a chomhlíonann cearta an duine;
- go bhfuil ábhair oiliúna agus oiliúna tacaíthe ag creat cuimsitheach de chaighdeáin chearta an duine le húsáid d'fhonn prionsabail ábhartha chearta an duine a leabú sa timpeallacht oiliúna;
- go bhfuil creat de chaighdeáin chearta an duine ar fáil a mbeidh mar shlat tomhais do gach beartas, nós imeachta, treoir, oiliúint, ábhar oiliúna, cinnteoireacht, orduithe oibríochtúla agus cleachtais le agus athbhreithniú agus maoirseacht á dhéanamh ar chomhlíonadh chearta an duine;
- go bhfuil Dualgais na hEanála Poiblí maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine faoin Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 (alt 42) á gcur i bhfeidhm.

Raon Feidhme

Baineann an Beartas seo agus na doiciméid ghaolmhara go léir le comhaltá den Gharda Síochána agus le Foireann an Gharda Síochána. Baineann sé freisin le hOifig Póilíní ó Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI) atá ar iasacht don Gharda Síochána de réir Alt 53, Acht an Gharda Síochána 2005.

Creat um Chearta an Duine - Is acmhainn chuimsitheach chearta an duine don Gharda Síochána é an Creat um Chearta an Duine. Is pointe tagartha é do dhréachtóirí beartais, do phearsanra oiliúna agus oibríochta chun príomhchearta an duine a aithint in aon imthosca ar leith. Soláthraíonn sé, go háirithe, mion-fhorbhreathnú ar dhlí chearta an duine, ar ábharthacht chearta an duine don phóilíneacht agus tugann sé aghaidh ar gach ceart ar bhonn gach ceart ar leith. Tacaíonn Uirlis Scagthástála Chearta an Duine leis an gCreat um Chearta an Duine.

Uirlis Scagthástála um Chearta an Duine – Cruthaíonn an Uirlis Scagthástála um Chearta an Duine struchtúr chun comhlíonadh chearta an duine a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus maoirseacht a dhéanamh orthu go comhsheasmhach thar na trí cholún: beartais, oiliúna agus oibríochtaí. Tá an Uirlis Scagthástála seo le húsáid i gcomhar leis an gCreat um Chearta an Duine acu siúd a fhorbraíonn agus a chuireann beartais i bhfeidhm, a fhorbraíonn agus a gcuireann ábhar oiliúna i bhfeidhm, a fhorbraíonn agus a chuireann orduithe oibríochtúla i bhfeidhm agus le linn cigireachtaí ag oifigigh mhaoriseachta, ag foirne cigireachta agus athbhreithnithe nó le linn próiseas comhaontaithe eile d’fhonn a chinntiú go bhfuil príomhphrionsabail chearta an duine leabaithe ar fud na ndoiciméad. Tá sraith cheisteanna san Uirlis Scagtha um Chearta an Duine a fheidhmíonn mar leideanna chun a chinntiú go gcomhlíontar caighdeáin chearta an duine, dá bhforáiltear sa Chreat um Chearta an Duine, de réir oibleagáidí dlíthiúla. Tá nótaí treorach ar bhonn ceist ar cheist ag gabháil leis an Uirlis Scagthástála um Chearta an Duine.

Cur Chuige um Póilíneacht Bunaithe ar Chearta an Duine – Doiciméad Treorach Oibriúcháin - Cuirfidh pearsanra an Gharda Síochána ina gcuid dualgas laethúil, cibé dualgais oibriúcháin nó riaracháin, caighdeáin chearta an duine i bhfeidhm de réir an Chreata um Chearta an Duine. Agus é sin á dhéanamh, beidh siad treoraithe ag an gCáipéis Treorach Oibriúcháin seo. Soláthraíonn an Doiciméad Treorach seo treoir ghinearálta do Phearsanra an Gharda Síochána ionas gur féidir leo a bheith eolach faoin gcaoi a bhfuil cearta daonna le comhlíonadh le linn a gcuid oibre. Leagann sé amach cad go díreach atá i gceist le póilíneacht bunaithe ar chearta an duine agus tá treoir shonrach tugtha maidir le caighdeáin chearta an duine a chur i bhfeidhm i leith na póilíneachta.

Ráiteas Beartais

Tá Comhaltaí an Gharda Síochána i suíomh speisialta maidir le cearta daonna, mar cé go gcaithfidh siad meas a léiriú ar chearta daoine aonair i gcónaí, tá an chumhacht agus an oibleagáid orthu uaireanta srian a chur ar na cearta sin (mar shampla trí stad agus cuardach nó trí dhuine a ghabháil). Tá sé tábhachtach gníomhú le cothroime, le féinsmacht, le caoinfhuilíocht agus le neamhchlaontacht agus na dualgais seo á gcomhlíonadh agat.

Chomh maith leis sin ba cheart do Phearsanra an Gharda Síochána, chomh fada agus is indéanta, a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh i gcomhar leis an bpobal agus an aidhm acu tacaíocht an phobail a spreagadh. Tá sé riachtanach, agus iad i mbun a gcuid dualgas, go mbeidh meas ag Pearsanra an Gharda Síochána ar dhínt an duine agus go gcosnóidh siad í agus go gcoimeádfaidh agus go seasfaidh siad le cearta daonna gach duine. Agus é sin san áireamh, ní mór gníomhú i gcónaí gcomhréir le prionsabail na dlíthiúlachta, an riachtanais, na comhréireachta, na cuntasachta agus an neamh-idirdhealaithe. Tá sé tábhachtach gníomhú le hionracas i leith baill den phobal agus comhghleacaithe ionas go leanfar le muinín sa Gharda Síochána a dhaingniú agus a chothabháil.

Comhlíonadh

Tá sé éigeantach do chomhaltaí uile An Gharda Síochána agus d’Fhoireann uile an Gharda an Beartas seo agus an doiciméad/na doiciméid a ghabhann leis a chomhlíonadh

Doiciméid Ghaolmhara (*más ábhartha/cuí*)

- 1) Samhail Cinnteoireachta an Gharda Síochána
- 2) Creat Cearta Daonna
- 3) Uirlis Scagthástála um Chearta Daonna
- 4) Cur Chuige Póilíneachta atá Bunaithe ar Chearta an Duine – Treoir doiciméad Oibriúcháin

Scagthástáil ó thaobh an Dlí & Cearta Daonna de

Rinneadh scagthástáil ó thaobh an Dlí agus Cearta Daonna ar an doiciméad seo i dtéarmaí na n-oibleagáidí faoi seach a cuireadh ar an nGarda Síochána don réimse ábhair lena mbaineann.

Ní mór do gach duine atá ag obair sa Gharda Síochána cloí leis na caighdeáin agus na gealltanais atá leagtha amach sa Chód Eitice don Gharda Síochána agus cloí leo agus seasamh leis an gCód seo agus é a chur chun cinn ar fud na heagraíochta.

Athbhreithniú ar Bheartas & Nós Imeachta

Déanfar athbhreithniú ar an doiciméad seo agus ar an mBeartas gaolmhar 12 mhí óna dháta éifeachta agus gach trí bliana ina dhiaidh sin nó de réir mar is cuí.

Séanadh

Ní bheartaítear gur comhairle dlí atá sa bheartas seo, ná ní hionann é agus comhairle dlí a mbeifear ag brath uirthi maidir leis an ábhar atá anseo. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle dlí ghairmiúil.